## DÉACHTFHÍS NÁISIÚNTA COMHROINNTE LE HAGHAIDH 2050

### *NA CRAINN CHEARTA SNA HÁITEANNA CEARTA LE HAGHAIDH NA GCÚISEANNA CEARTA LEIS AN MBAINSTÍOCHT CHEART AG TACÚ LE GEILLEAGAR AGUS SOCHAÍ INBHUANAITHE AGUS BHISIÚIL AGUS TIMPEALLACHT SHLÁINTIÚIL.*

Faoin mbliain 2050, glacfar le foraoisí agus coillearnacha na hÉireann mar shiombail de na hathruithe claochlaitheacha sóisialta, geilleagracha agus timpeallachta a bhí riachtanach chun déileáil le héigeandálaí aeráide, bithéagsúlachta, tithíochta agus sláinte na 2020idí. Tá lorg coise foraoiseachta agus coillearnaí i bhfad níos mó agus níos éagsúla á bhainistiú go héifeachtach chun cuspóirí agus buntáistí éagsúla na foraoiseachta don aeráid, dúlra, táirgeadh adhmaid, daoine, geilleagar agus pobail thuaithe a chothromú agus a sholáthar. Tá sé ag cómhaireachtáil go héifeachtach le tírdhreacha feirmeoireachta, uirbeacha agus tírdhreacha eile nach iad agus tá ardmheas ag saoránaigh air. Chomh maith leis sin, tá sé ag tacú le tionscal feirmeoireachta atá bisiúil agus atá ag fás, le fostaíocht fhadtéarmach ar ardchaighdeán, seirbhísí éiceachórais agus áiseanna poiblí, oideachais agus caithimh aimsire.

Tá foraoiseacht ag croílár an gheilleagair chiorclaigh agus ghlais agus is é adhmad a fhástar in Éirinn an rogha ábhair le haghaidh tithe nua atá á dtógáil in Éirinn. Is rogha bhrabúsach éagsúlaithe atá ann d'fheirmeoirí, mothaíonn daoine atá ina gcónaí i bpobail thuaithe, uirbeacha agus fho-uirbeacha go bhfuil siad nasctha le agus go bhfuil siad bródúil as na foraoisí agus coillearnacha atá le fáil ina gceantair áitiúla, agus as na buntáistí go leor a sholáthraíonn siad. Tá saincheisteanna timpeallachta oidhreachta a bhain le cleachtais foraoiseachta a bhí in úsáid roimhe seo réitithe, agus táthar tar éis cur leis na feabhsuithe bainistíochta atá le tabhairt faoi deara i gClár Foraoiseachta 2014-2020. Anois tá éagsúlacht shaibhir de chrainn, coillte agus foraoisí le fáil i dtírdhreach na hÉireann, a bunaíodh le haghaidh cúiseanna éagsúla agus a bhfuil buntáistí go leor á gcruthú acu don timpeallacht, geilleagar agus sochar, ar thalamh poiblí agus príobháideach.